Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9586/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0141(NLE)**

**ECOFIN 632**
**UEM 181**
**FIN 594**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

**1** IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Chróit an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 8 Iúil 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhmeón gComhairle an 28 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2025 an 8 Nollaig 2023[3].

(2) An 16 Aibreán 2025, rinne an Chróit iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an gCróit.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chróit isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 30 beart.

**2** Féach doiciméid ST 10687/21 agus ST 10687/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

**3** Féach doiciméid ST 15834/23 ST 15834/23 COR 1 agus ST 15834/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Chróit nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh, nó nach féidir iad a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar éileamh neamhleor. Baineann sé sin le sprioc 35 de C1.1.2 R4-I1 (Tacaíocht do Mhoil Nuálaíochta Digití) faoi chomhchuid 1.1 (An geilleagar athléimneach, glas agus digiteach) agus sprioc 287 d'athchóiriú C4.1 R1 (Beartais ghníomhacha nua agus spriocdhírithe maidir leis an margadh saothair a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun críocha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh sa mhargadh saothair) faoi chomhchuid 4.1 (Bearta fostaíochta agus an creat dlíthiúil do mhargadh fostaíochta nua-aimseartha agus do gheilleagar na todhchaí a fheabhsú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit sprioc 35 a bhaint. Thairis sin, d'iarr an Chróit .sprioc 287 a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Chróit nach féidir ceithre bheart a bhaint amach nó a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh toisc go bhfuil méadú mór tagtha ar chostais mheasta na mbeart sin mar gheall ar bhoilsciú. Baineann sé sin, faoi seach, le sprioc 18 di'nfheistíocht C1.1.1 R4-I2 (Ionstraim airgeadais do micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide) agus sprioc 20 d'infheistíocht C1.1.1 R4-I3 (Ionstraim airgeadais le haghaidh fiontair mheánchaipitlithe agus fiontair mhóra) faoi chomhchuid 1.1 (Geilleagar athléimneach, glas agus digiteach); sprioc 113 d'infheistíocht C1.4 R3-I2 (Soláthar/tógáil long paisinéirí a úsáidtear le haghaidh iompar rialta cósta) faoi chomhchuid 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt); agus sprioc 227 d'infheistíocht C2.5 R1-I4 (Tionscadal Chearnóg Ceartais Shágraib a dhearadh agus a chur chun feidhme chun rochtain ar cheartas agus éifeachtúlacht nósanna imeachta tráchtála agus díospóidí riaracháin a fheabhsú) faoi chomhchuid 2.5 (Ceartas nua-aimseartha atá oiriúnach do dhúshláin a bheidh ann amach anseo). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit spriocanna 18, 20 agus 227 a laghdú agus sprioc 113 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Chróit, maidir le sprioc 101 faoi infheistíocht C1.4 R2-I1 (Atógáil an riain iarnróid atá ann cheana agus tógáil an dara rian idir Dugo Selo agus Novska, fo-roinn Kutina - Novska (céim D)), faoi chomhchuid 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a fhorbairt), nach féidir í a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna ar ullmhú dhoiciméadacht an tionscadail ag an gconraitheoir. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit sprioc 101 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Chróit, maidir le sprioc 186 faoi infheistíocht C2.3 R3-I6 (Infheistíocht i líonraí bonneagair faisnéise Stáit) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), nach féidir í a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh mar gheall ar na moilleanna gan choinne le linn an tsoláthair phoiblí. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme sprioc 186. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Chróit, maidir le sprioc 178 infheistíocht C2.3 R2-I1 (Córas lárnach idir-inoibritheachta a bhunú) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí), nach féidir í a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh mar gheall ar dhá sheirbhís a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], seirbhísí nach ann dóibh sa Chróit, agus dá bhrí sin, a ndearnadh iad a bhaint. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit sprioc 178 a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

---

**4** Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/ 2012 (IO L 295 21.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj).

(9) Mhínigh an Chróit go ndearnadh naoi mbeart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian bhunaidh na mbeart sin a bhaint amach. Baineann sé sin le cloch mhíle 97 d'infheistíocht C1.4. R1-I5 (Faireachán ar Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (e-ADR)) faoi chomhchuid 1.4 (Córas iompair iomaíoch, inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de agus éifeachtúil a fhorbairt); infheistíocht C.1.3 R2-I2 (Clár feabhsúcháin do líonta talún dúnta agus do láithreáin atá éillithe le dramhaíl ghuaiseach); infheistíocht C1.3 R1-I3 (Clár laghdaithe riosca tubaistí) faoi chomhchuid 1.3 (Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus ar bhainistiú dramhaíola), sprioc 190 d'infheistíocht C2.3 R3-I8 (Bonneagar digiteach móibíleach a chruthú) agus sprioc 206 faoi infheistíocht C2.3 R4-I2 (Cumarsáid leictreonach éighníomhach a thógáil) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú digiteach na sochaí agus an riaracháin phoiblí); clocha míle 208 agus 442 faoi athchóiriú C2.4 R2 (Feabhas a chur ar an rialachas corparáideach i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag Poblacht na Cróite iontu agus i bhfiontair de chuid an rialtais láir atá faoi úinéireacht tromlaigh) faoi chomhchuid 2.4 (Bainistiú sócmhainní Stáit a fheabhsú); sprioc 264 faoi athchóiriú (C2.9 R3 Soláthar Nuálach faoi chomhchuid 2.9 (An creat soláthair phoiblí a neartú); sprioc 280 faoi infheistíocht (C3.2 R1-I2 Acmhainneacht institiúideach ollscoileanna agus institiúidí taighde le haghaidh nuálaíochta a neartú) faoi chomhchuid 3.2 (Borradh a chur faoi acmhainneacht taighde agus nuálaíochta), agus clocha míle 298 agus 300 faoi athchóiriú C4.2 R1 (Leordhóthanacht pinsin a mhéadú trí athchóiriú leanúnach pinsin) faoi chomhchuid 4.2 (Feabhas a chur ar chóras na bpinsean trí leordhóthanacht pinsin mhéadaithe). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit infheistíochtaí C1.3 R1-I3 agus C.1.3 R2-I2, spriocanna 190 agus 264 agus clocha míle 208, 298 agus 300 a leasú. Thairis sin, d'iarr an Chróit sprioc 442 a chur isteach infheistíocht C3.2R1-I2 a bhaint agus sprioc 280 a bhogadh faoi infheistíocht C3.2 R1-I1, síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme chloch mhíle 97 agus sprioc 206 a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an Chróit go ndearnadh cúig bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le spriocanna 42, 43 agus 376 faoi infheistíocht C1.2 R1-I1 (An córas fuinnimh a athbheochan, a thógáil agus a dhigiteáil agus tacú leis an mbonneagar chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú) faoi chomhchuid 1.2 (Aistriú fuinnimh le haghaidh geilleagar inbhuanaithe); spriocanna 85 agus 89 d'infheistíocht C1.3 R2-I1 (Clár um dhiúscairt dramhaíola a laghdú agus athchóiriú C1.3 R2 Bainistiú dramhaíola inbhuanaithe a chur chun feidhme) faoi chomhchuid 1.3 (Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus ar bhainistiú dramhaíola); spriocanna 261 agus 262 faoi athchóiriú C2.9 R2 (An córas athbhreithnithe sa soláthar poiblí a neartú faoi) chomhchuid 2.9 (An creat soláthair phoiblí a neartú); agus sprioc 306 faoi athchóiriú C4.3 R1 (Trédhearcacht agus leordhóthanacht na sochar sóisialta sa chóras cosanta sóisialta) faoi chomhchuid 4.3 (An córas leasa shóisialta a fheabhsú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Chróit spriocanna 42, 43, 376, 85, 89, 261 agus 262 a leasú. Thairis sin, d'iarr an Chróit sprioc 306 a bhaint. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Ina theannta sin, d’iarr an Chróit, maidir leis na hacmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, go mbainfí úsáid as na hacmhainní sin chun dhá bheart nua a thabhairt isteach agus leibhéal cur chun feidhme cúig bheart a mhéadú. Baineann sé sin le hinfheistíocht C.1.3 R3-I1 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha séarachais poiblí), agus infheistíocht C.1.3 R3-I2 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha soláthair uisce phoiblí); spriocanna 440 agus 441 infheistíocht C1.3 R3-I3 (Infheistíocht bhreise sa chlár laghdaithe riosca tubaistí) faoi chomhchuid 1.3 (Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus ar bhainistiú dramhaíola); sprioc 204 faoi infheistíocht C2.3 R4-I1 (Tionscadail a chur chun feidhme faoin gClár Réime Náisiúnta um Bonneagar Leathanbhanda a Fhorbairt i réimsí nach bhfuil leas tráchtála leordhóthanach san infheistíocht iontu); sprioc 443 faoi infheistíocht C2.5 R1-I7 (Tionscadal Chearnóg Ceartais Shágraib a dhearadh agus a chur chun feidhme chun rochtain ar cheartas agus éifeachtúlacht nósanna imeachta tráchtála agus díospóidí riaracháin a fheabhsú.) faoi chomhchuid 2.5 (Ceartas nua-aimseartha atá oiriúnach do dhúshláin a bheidh ann amach anseo); spriocanna 278 agus 279 faoi infheistíocht C3.2 R1-I1 (Córas comhaontuithe cláir a fhorbairt chun ollscoileanna agus institiúidí taighde a chistiú, dírithe ar nuálaíocht, taighde agus forbairt) faoi chomhchuid 3.2 (Borradh a chur faoi acmhainneacht taighde agus nuálaíochta); agus spriocanna 354 agus 355 faoi infheistíocht C.6.1 R1-I1 (Athchóiriú fuinnimh foirgneamh) faoi chomhchuid 6.1 (Athchóiriú foirgneamh). Ar an mbonn sin, d’iarr an Chróit spriocanna 440, 441 agus 443 a chur isteach. Thairis sin, d’iarr an Chróit go méadófaí an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le hinfheistíochtaí C1.3 R3-I1 agus C1.3 R3-I2, agus spriocanna 204, 278, 279, 354 agus 355. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(12) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an gCróit, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh garspriocanna agus spriocanna*

(13) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Chróit i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(14) Sainaithníodh aon earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, a dhéanann difear d'aon bheart amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú chun an earráid cléireachais sin a cheartú, earráid nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Iúil 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Chróit. Baineann an earráid chléireachais sin le cloch mhíle 422 d'infheistíocht C7.1 I3 (Acmhainneacht an chríochfoirt GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú) faoi chomhchuid C7.1 (Fuinneamh agus iompar inbhuanaithe (comhchuid REPowerEU)). Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do chur chun feidhme an bhirt lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(15) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 38,56 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 62,63 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(17) Níl tionchar ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir leis an aistriú glas. Tá coinne leis go mbeidh tionchar fadtéarmach ag bearta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe trí dhlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus bogadh i dtreo córas marthanach fuinnimh in-athnuaite sa Chróit. Tá coinne leis go laghdóidh siad na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus éascófar glacadh fuinnimh in-athnuaite sa Chróit agus go rannchuideoidh siad ar an gcaoi sin le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha, is é atá ann 20,22 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(19) Tá an measúnú dearfach maidir leis an rannchuidiú leis an aistriú digiteach dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí. Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe de bheith ag rannchuidiú go suntasach leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear trí mhéadú ar dhigitiú an riaracháin phoiblí, ar líon na seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí chomh maith le hinfheistíochtaí i ríomhsheirbhísí sláinte agus i ndigiteáil na hearnála iompair.

***Costáil***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(21) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], mheas an Chróit gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mheas an Chróit, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean leasaithe toisc nach gcumhdaítear leis na tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu na réimsí a ndearnadh a uas-scálú nó a cuireadh leis sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Measúnú dearfach***

(22) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

**5** Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tardán um theicneolaíochtaí straitéiseacha don eoraip (step), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241R (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

*Ranníocaíocht airgeadais*

(23) Is é EUR 10 040 701 600 costas iomlán mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Chróit, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 5 786 544 628. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuirtear ar fáil don Chróit.

(24) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuirtear ar fáil don Chróit dar luach EUR 4 254 156 972.

(25) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

6 Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Chróit mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Cróite a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*